

Cúrsaí Tithíochta sa Ghaeltacht pléite i dTithe an Oireachtais




Eochairfhocail: tithíocht, géarchéim, leasú, brúghrúpa, aire

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fhreagracht go díreach a bheadh ar an aire stáit nua seo a theastaíonn ó dhaoine áirithe?
2. Cén Ghaeltacht go sonrach a raibh John Prendergast ag tagairt di ina chuid cainte?
3. Cén dream daoine ar mhaith leis na cainteoirí éagsúla ag an gcruinniú a bheadh i gceannas ar chúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht?
4. Ainmnigh an brúghrúpa a luaitear sa mhír nuachta agus a bhfuil baint ag Donncha Ó hÉallaithe leis?
5. Cad a thugann Donncha Ó hÉallaithe ar an aire stáit seo a theastaíonn ón mbrúghrúpa Bánú?
6. Cad a lorg Julian de Spáinn agus Conradh na Gaeilge ó pholaiteoirí roimh an olltoghchán anuraidh?
7. Cén chanúint Ghaeilge, meas tú, atá ag láithreoir na míre nuachta seo, Peadar Mac Gaoithín?
8. 1.Ceaptar go forleathan go bhfuil géarchéim tithíochta sna ceantair Ghaeltachta éagsúla ar fud na hÉireann. Déan taighde ar líne agus déan cur síos gairid ar an ngéarchéim seo. Is leor 70 focal sa chur síos.

Cúrsaí Tithíochta sa Ghaeltacht pléite i dTithe an Oireachtais



Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó bréagach

	F	B
Bhí daoine ó Chonradh na Gaeilge agus ó Bánú os comhair Choiste Oireachtais an tseachtain seo		
Bhí siad lán-sásta leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí tithíochta sna Gaeltachtaí faoi láthair		
Teastaíonn uathu go ndéanfaí leasú ar threoirlínte pleanála chun go laghdófaí an ghéarchéim seo		
Tá lucht Bánú ag lorg aire sóisearach a bheadh ag plé go sonrach le cúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge		
Níl aire sinsearach ann anois don Ghaeltacht agus don Ghaeilge		
Tá dhá aireacht éagsúla faoina chúram ag Dara Calleary TD		
Níl aon bhaint ag Julian de Spáinn le Conradh na Gaeilge		
Is é Teach Laighean i mBaile Átha Cliath an áit a mbíonn cruinnithe na gCoistí Oireachtais ar siúl		

Cúrsaí Tithíochta sa Ghaeltacht pléite i dTithe an Oireachtais



Gníomhaíocht Labhartha:

Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé gairid ar na ceisteanna seo a leanas:

- Céard iad na Gaeltachtaí éagsúla timpeall na tíre?
- Cad iad na Gaeltachtaí is láidre ó thaobh líon na gcainteoirí laethúla de?
- Cad iad na Gaeltachtaí is laige ó thaobh líon na gcainteoirí laethúla de?
- An bhfuil sé éasca teach a fháil nó teach a thógáil sa Ghaeltacht más as an gceantar sin duit? Cén fáth?
- An gceapann na saineolaithe gur ag dul i láidreachta nó ag dul i laige atá na Gaeltachtaí ó thaobh labhairt na Gaeilge de?
- Cén saghas eagraíochta é Bánú?
- An gceapann sibh go bhfuil todhchaí dhearfach i ndán do na Gaeltachtaí? Cén fáth?
- Conas atá staid na Gaeilge sna ceantair uirbeacha in Éirinn dar libh?



Cúrsaí Tithíochta sa Ghaeltacht pléite i dTithe an Oireachtais



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht
2. Gaeltacht na nDéise i bPort Láirge
3. Údarás na Gaeltachta
4. Bánú
5. Aire sóisearach
6. Aire Sinsearach don Ghaeltacht agus don Ghaeilge
7. Canúint Uladh/Thír Chonaill/Dhún na nGall

	F	B
Bhí daoine ó Chonradh na Gaeilge agus ó Bánú os comhair Choiste Oireachtais an tseachtain seo	F	
Bhí siad lán-sásta leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí tithíochta sna Gaeltachtaí faoi láthair		B
Teastaíonn uathu go ndéanfaí leasú ar threoirlínte pleanála chun go laghdófaí an ghéarchéim seo	F	
Tá lucht Bánú ag lorg aire sóisearach a bheadh ag plé go sonrach le cúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge	F	
Níl aire sinsearach ann anois don Ghaeltacht agus don Ghaeilge		B
Tá dhá aireacht éagsúla faoina chúram ag Dara Calleary TD	F	
Níl aon bhaint ag Julian de Spáinn le Conradh na Gaeilge		B
Is é Teach Laighean i mBaile Átha Cliath an áit a mbíonn cruinnithe na gCoistí Oireachtais ar siúl	F	